**Parlaimint na hEorpa**
2014-2019

*An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne*

**2018/0104(COD)**

3.10.2018

# SEASAMH I BHFOIRM LEASUITHE

ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

chuig an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le neartú a dhéanamh ar shlándáil cártaí aitheantais shaoránaigh an Aontais agus doiciméad cónaithe arna n-eisiúint do shaoránaigh an Aontais agus baill dá dteaghlaigh a fheidhmíonn a gceart chun saorghluaiseachta
(COM(2018)0212 – C8-0153/2018 – 2018/0104(COD))

thar ceann an Choiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne:
Angelika Mlinar Rapóirtéir:

## LEASÚ

Déanann an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne an leasú seo a leanas a chur faoi bhráid an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, mar an coiste atá freagrach:

Leasú 1

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13 a) I bhformáid ID-1 le haghaidh cártaí aitheantais náisiúnta agus cártaí cónaithe do bhaill teaghlaigh shaoránaigh an Aontais nach náisiúnaigh de Bhallstát iad, áirítear an chatagóir ‘inscne’ agus roghanna de <F>, <M> nó <X> i gcomhréir le treoirlínte ICAO.*** |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) Leis an Rialachán seo urramaítear na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena náirítear meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh, an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, an ceart chun saorghluaiseachta agus an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil. | (23) Leis an Rialachán seo urramaítear na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear meas ar ***dhínit an duine, an ceart chun sláine an duine, toirmeasc ar íde atá mídhaonna nó táireach, an ceart chun comhionannais os comhair an dlí, neamh-idirdhealú, cearta an linbh agus daoine scothaosta, comhionannas inscne,*** an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh, an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, an ceart chun saorghluaiseachta agus an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 3 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3 a) Beidh inscne ina chatagóir sainordaithe agus beidh na roghanna <F>, <M> nó <X> i gcártaí aitheantais náisiúnta shaoránaigh an Aontais. Cinnfidh na Ballstáit cé atá incháilithe do na roghanna <F>, <M> nó <X> agus lánurraim á tabhairt do na prionsabail i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus do na treoirlínte a leagtar amach i nDoiciméad ICAO 9303 (an seachtú heagrán, 2015).*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Déanfaidh foireann cháilithe chuíúdaraithe arna hainmniú ag na húdaráis náisiúnta atá freagrach as cártaí aitheantais a eisiúint na haitheantóirí bithmhéadracha a bhailiú. | (1) Déanfaidh foireann cháilithe chuí-údaraithe arna hainmniú ag na húdaráis náisiúnta atá freagrach as cártaí aitheantais a eisiúint na haitheantóirí bithmhéadracha a bhailiú***, agus aon sainiúlachtaí inscne á gcur san áireamh***. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(2) I gcás ina mbíonn deacrachtaí ann aitheantóirí bithmhéadracha a bhailiú, áiritheoidh na Ballstáit gurb ann do nósanna imeachta iomchuí chun dínit an duine lena mbaineann a ráthú.*** | ***scriosta*** |

*Réasúnú*

*aistrithe go caibidil a cúig*

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2 a) Déanfar na haitheantóirí bithmhéadracha a thógáil ar bhealach nach gcuireann as don leanbh agus ar bhealach íogair ó thaobh inscne de agus urraim á tabhairt do phrionsabail a leagtar amach i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh agus i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú.*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1 – pointe g a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(g a) de réir inscne.*** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 10 a*** |
| | ***I gcás ina mbíonn deacrachtaí ann agus aitheantóirí bithmhéadracha á mbailiú, áiritheoidh na Ballstáit gurb ann do nósanna imeachta iomchuí chun dínit an duine lena mbaineann a ráthú.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 10 b*** |
| | ***Maidir leis an nós imeachta i ndáil le méarloirg agus íomhá den aghaidh a thógáil, ba cheart riachtanais shonracha na leanaí a chur san áireamh ann agus ba cheart é a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na coimircí a leagtar síos in Airteagal 24 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, sa Choinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, agus i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh.*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 10 c*** |
| | ***Chomh maith céanna, maidir le méarloirg agus íomhá den aghaidh a thógáil, beidh an nós imeachta i gcomhréir leis an nós imeachta maidir le ceart chun saoil phríobháidigh a leagtar amach in Airteagal 7 den Chairt agus in Airteagal 8 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine. Chun gur féidir le húdaráis náisiúnta sonraí bithmhéadracha a bhailiú a mhéid is féidir ar bhealach atá íogair ó thaobh inscne de, go háirithe i gcás íospartaigh an fhoréigin inscne, beidh i láthair leordhóthain foirne ban atá freagrach as cártaí aitheantais a eisiúint.*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 11 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Faoi cheann 12 mhí ar a dhéanaí tar éis an teachta i bhfeidhm, cuirfidh an Coimisiún clár mionsonraithe ar bun chun faireachán a dhéanamh ar aschuir, torthaí agus tionchair an Rialacháin seo. | Faoi cheann 12 mhí ar a dhéanaí tar éis an teachta i bhfeidhm, cuirfidh an Coimisiún clár mionsonraithe ar bun chun faireachán a dhéanamh ar aschuir, torthaí agus tionchair an Rialacháin seo***, lena n-áirítear a thionchar ar chearta bunúsacha***. |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Tráth nach luaithe ná [cúig bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo agus cuirfidh sé tuarascáil ar na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. Déanfar an mheastóireacht sin i gcomhréir le Treoirlínte an Choimisiúin maidir le Rialáil Níos Fearr. | (2) Tráth nach luaithe ná [cúig bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo agus cuirfidh sé tuarascáil ar na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. Déanfar an mheastóireacht sin i gcomhréir le Treoirlínte an Choimisiúin maidir le Rialáil Níos Fearr***, agus beidh san áireamh inti Caibidil ina scrúdófar an tionchar ar chearta bunúsacha***. |